Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Léiriú Spéise - Scéim Phíolótach Sána Taistil

Tá Roinn Oibríochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall ag lorg léirithe spéise i scéim phíolótach sána taistil sna suíomhanna atá beartaithe thíos i limistéar riaracháin Fhine Gall ón 9ú Meitheamh go dtí an 30ú Meán Fómhair 2025 (buaic an tséasúir)

Is é €1,000 an táille don Cheadúnas Trádála Séasúrach, de réir Fhorálacha Corr-Thrádála 2021, do bhuaic an tséasúir. Is féidir an nasc chuig na Fhorálacha Corr-Thrádála a fháil anseo: https://www.fingal.ie/sites/default/files/2021-09/casual-trading-bye-laws-2021-.pdf

Féadfaidh páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann Corr-Thrádála ag casualtrading@fingal.ie chun a spéis a chur in iúl maidir le cur isteach ar an scéim phíolótach sána taistil. Eiseofar foirm iarratais Trádála Séasúrach ansin d'iarratasóirí le comhlánú agus le cur ar ais mar aon leis na doiciméid ábhartha chuig casualtrading@fingal.ie

Is féidir le hiarratasóirí a 3 rogha suímh is fearr leo a roghnú ón liosta thíos mar chuid den phróiseas iarratais.

Má roghnaigh aon iarratasóirí cáilithe ceann amháin nó níos mó de na suíomhanna céanna, déanfar crannchur chun an trádálaí rathúil a chinneadh.

| Suíomhanna Láithreáin Scéim Sána Taistil atá Beartaithe |
|---|
| An tOileán Rua, Sceirí |
| Carrchlós Thúr Martello Bhaile Brigín |
| Carrchlós Trá Theas Phort Mearnóg |
| Carrchlós (Club Gailf) Phort Mearnóg |
| Carrchlós Trá Theas an Rois |
| Páirc San Caitríona, Leamhcán |

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara nach mór do na sánaí a bheith soghluaiste agus nach gá soláthar uisce príomhlíonra ná leictreachais a bheith ag teastáil uathu.

Is é an dáta deiridh le haghaidh léiriú spéise ná Dé hAoine an 16ú Bealtaine 2025 ag 16.30in